gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board
Registered Charity Number (RCN): 20083427

Coláiste Ghobnait
Inis Oírr | Oileáin Árann |
Co. na Gaillimhe.
+353 99 75016; +353 87 2232520
eolas.gobnait@gretb.ie
www.colaisteghobnait.com

NUACHTLITIR NOLLAIG 2021

FOCAL ÓN BPRÍOMHOIDE

Is deacair a chreidiúint go bhfuil an téarma thart, téarma ina léirigh an pobal scoile a gcuid tacaíochta arís is arís eile.
Táim fíor bhródúil agus fíor bhuíoch as bhur rannpháirteachas agus níl aon amhras ach go dtéann sé i bhfeidhm ar scoláirí na scoile.

Is do scoláirí na scoile atá Coláiste Ghobnait ann. Is iad na scoláirí todhchaí na tíre agus tá muinín agam go gcuirfidh scoláirí na scoile go mór le crut na tíre seo sa todhchaí. Is breá le pobal na scoile iad a fheiceáil ag teacht isteach gach maidin go gealgháireach, béasach, sásta agus ocrach don fhoghlaim. Beidh scéalta le n-insint acu faoi maireachtáil tríd paindéim agus is féidir a bheith fíor bhródúil astu sa bhealach go bhfuil siad tar éis dul i dtaithí ar an saol sin gan aon ghearán. Tá súil agam i gcónaí go mairfidh agus go bhfásfaidh a gcuid grá agus bród san fhoghlaim atá faighte agaibh sa téarma seo tríd bhur saol ar fad.

I ndiaidh bliana ina raibh nuacht eolaíochta agus sláinte dhomhanda mar bhun agus barr leis an saol, tharla ceiliúradh sheachtain na hEolaíochta le réimse leathan ábhair i gColáiste Ghobnait agus tá muid fíor bhródúil gur thug gasúir bunscoil Chaomháin cuairt orainn chun cur leis an gceiliúradh. Tá a fhios againn ar fad gur trí mhodh an tsúgartha a fhoghlaimíonn gasúir agus bhí neart súgradh acu i gColáiste Ghobnait. Chur ár scoláirí eispéireas súgartha eolaíochta ar fáil dóibh i dtimpeallacht chairdiúil, slán agus taitneamhach. Bhain scoláirí bunscoil Chaomháin an sásamh as an gceiliúradh. Bhí siad ag féachaint agus fuair siad spléachadh ar céard a bheidh i ndán dóibh nuair a thagann siad go Coláiste Ghobnait sna blianta atá le theacht!!! Bhí idir eolas agus súgradh curtha ar fáil ag ár scoláirí dóibh maidir lena bhfuil ag tarlú i ndomhan na hEolaíochta.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le foireann na scoile as a gcuid obair chrua le linn an scoilbhliain.
Féachaimis siar ar théarma is na hócáidí speisialta a bhí scaipthe tríd an téarma sa nuachtlitir seo, agus ar aghaidh ár ndóigh go 2022.
Guím Nollaig Shona oraibh ar fad is athbhliain faoi mhaise agus táim ag tnúth libh ar fad a fheiceáil arís i mí Eanáir.

Is mise, le meas,
Bríd Ní Dhonnacha
Bríd Ní Dhonnacha
Príomhoide

COMHAIRLE NA MIC LÉINN 2021/2022 – GLÓR NA SCOLÁIRÍ

Tá Comhairle na Mic Léinn faoi lán seoil, faoi stiúir Shorcha Ní Fhlatharta. Bíonn cruinnithe rialta acu chun glór a gcuid comhghleacaithe a chur chun cinn.

Bl 1: Eoin Ó hUallacháin (Cisteoir)
Bl 2: Aoibhe Ní Chadhain (Cisteoir)
Bl 3: Caoimhe Ní Fhátharta (Rúnaí)
Bl 4: Caoimhe Liffey (Oifigeach Caidrimh Poiblí)
Bl 5: Róisín Ní Bhraonáin (Leas-Chathaoirleach)
Bl 6: Ciarán Ó Fearáil (Cathaoirleach)

D'eagraigh an múinteoir Sorcha Ní Fhlatharta traenáil leis an ISSU do na scoláirí atá ar chomhairle na mic léinn ar an 27/09/2021 ó 1.45i.n. - 3.45i.n. Bhuail coiste na dtuismitheoirí le comhairle na mic léinn ar an gCéadaoin 24/11/2021.

TURAS GO PETERSBURG

Thug na múinteoirí Sorcha Ní Fhlatharta agus Cormac Coyne na scoláirí ar thuras scoile chuig Ionad eachtraíochta Petersburg. Bhí an-lá ag na scoláirí ar fad.



TAITHÍ OIBRE

Beidh scoláirí Bliain 4 ag dul ar thrí thréimhse taithí oibre le linn an scoilbhliain 2021/2022.

- **Tréimhse 1:** 29 Samhain 2021 go dtí 3 Nollaig 2021.
- **Tréimhse 2:** 7 Márta go dtí 13 Márta 2022.
- **Tréimhse 3:** 30 Bealtaine go dtí an 3 Meitheamh 2022.

Beidh bliain 5 ag dul ar thaithí oibre 29 Samhain 2021 go dtí 3 Nollaig 2021.
Faigheann na scoláirí a théann ar thaithí oibre eolas maidir lena gcumais san ionad oibre. Forbraíonn siad scileanna nua. Cuireann siad lena gcuid luachanna agus bíonn orthu a ngnóthachtála a mheas agus a léirmhíniú tríd an dialann taithí oibre a bhíonn le líonadh isteach agus iad i mbun taithí oibre. Déanann an múinteoir Gairme agus na scoláirí anailís ar seo tar éis an taithí oibre.

Is deis iontach an taithí oibre seo do scoláirí na scoile. Déanann na scoláirí iniúchadh agus taighde faoin taithí oibre is mian leo. Is deis iontach taithí oibre a chur i gcrích i dtimpeallacht ionaid oibre. Forbraíonn siad mar dhaoine i rith an taithí oibre. Faigheann siad eolas maidir leo féin, le daoine eile agus an sochaí ina mbíonn siad ag obair ann.

Seo sampla do na hionad oibre a d 'fhreastal na scoláirí orthu le linn an chead tréimhse taithí oibre:

Life Pharmacy,

Four Courts,

Park Veterinary Centre Ballymahon,

Bunscoil Chaomháin,

Montgomery Transport,

Currans Pharmacy,

O'Scanaill Veterinary Hospital,

Comórtas Ealaíne Texaco

Comhghairdeas le Patrick Ó Domhnaill atá tar éis duais a baint amach sa gcomórtas Ealaíne Texaco - an gradam 'Special Merit' faoi stiúir an mhúinteora Trish Uí Chonghaile.

Bhain Jackie Ní Uallacháin agus Jack Ó Domhnaill gradam "Certificate of Commendation" amach i gcomórtas Ealaíne Texaco. Comhghairdeas leo.

MUSIC GENERATION

Seo clár comhpháirtíochta ceoil a bhfuil sé mar fhíseán acu eispéiris spreagúla a chruthú do dhaoine óga agus leanaí tríd ceol.

Fáiltíonn Coláiste Ghobnait roimh an gclár spreagúla seo. Tá eispéiris ceoil á chur ar fáil ar feadh trí seachtaine déag ón 13 Meán Fómhair go dtí 17 Nollaig 2021 i gColáiste Ghobnait.

Glacann scoláirí bliain 1,2 ,4 agus 5 páirt sa chlár seo. Is tionscadal ceoil iontach spreagúil an clár seo, do Choláiste Ghobnait. Thug na scoláirí aiseolas an dearfach maidir leis na gclár tríd ceistneoir a bhí déanta le gach scoláire. Fuair na scoláirí blaiseadh seisiún lae agus ceardlann cumadóireacht agus uirlisí ar an Aoine 17 Meán Fómhair.

Seo atá ar bun sna ranganna ceol tríd an clár Music Generation :

- ✓ Bliain 1 & 2 – ag foghlaim conas an bodhrán a sheinm.
- ✓ Bliain 4 agus 5 – cúrsaí ceol ríomhaire agus ag foghlaim conas an giotár a sheinm.

Mile buíochas le Peadar Tom Mercier as ucht an sárobair atá ar siúl aige sna ranganna ceol.

STIÚIDEO EALAÍNE

Thug Bliain 4 cuairt ar an Stiúideo Ealaíne in Inis Oírr ar an 20ú Meán Fómhair, 2021.

SEACHTAIN NA FRITHBHULAÍOCHTA 2021

Is feachtas bliantúil é seachtain na Frithbhulaíocht a dhíríonn ar fhadhb na bulaíochta.

Ghlac scoláirí na scoile páirt in imeachtaí éagsúla i rith na seachtaine faoi stiúir an mhúinteora Oliva Gadd. Rinne scoláirí na hidirbhliana cur i láthair ag tionól na maidine.

Pléadh an t-ábhar sna ranganna. Bhí feachtas póstaer iontach feiceálach i rith na seachtaine ar fud na scoile. Déanann Coláiste Ghobnait ár míle ndícheall chun feasacht ar bhulaíocht a mhúscailt ionas go dtuigfidh gach scoláire céard is bulaíocht ann agus an bealach ina ndéileálann an scoil le iompar bulaíochta.

Pléitear an t-ábhar le gach bliainghrúpa ag ionduchtú ag tús na bliana. Tá póstaer iontach le feiceáil i ngach dialann scoile a dhearaigh bliain 1 anuraidh.



Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an bPolasaí Frithbhulaíocht agus beidh sé á scaipeadh le aiseolas a fháil ó na páirtithe leasmhara ar fad.

Seachtain Feasachta Seas Suas

Rinne Coláiste Ghobnait ceiliúradh ar an tSeachtain Feasachta Seas Suas.
Is í an tSeachtain Feasachta Seas Suas am do scoileanna dara leibhéal, seirbhísí óige, agus Ógtheagmhála in Éirinn a bheith linn agus seasamh i gcoinne na bulaíochta homafóbach, déphóbach agus trasfóbach.

Bhí deis ag scoláirí an topaic seo a phlé sna ranganna OSPS le linn an tseachtain 15 – 19 Samhain 2021.

Ár scoláirí Gníomhach agus Ceangailte
Blitz Peil

Bhí Blitz peile eagraithe ag clár na gcluichí Gaelacha ar Pháirc na bPiarsach i Rosmuc ar an 28ú Meán Fómhair 2021. Ghlac scoláirí Coláiste Ghobnait páirt ann. Bhí lá den scoth ag gach duine.

Bhí blitz peil ar siúl ar pháirc Inis Oírr ar an 21 Meán Fómhair. Bhí dhá scoil oileánda i láthair ag an blitz – Scoláirí Coláiste Ghobnait agus Coláiste Naomh Éinne.

Seo sampla do na spóirt difriúla atá scoláirí tar éis a dhéanadh le linn na ranganna cluichí. Bíonn rang dúbailte gach seachtain ag gach scoláire.

Bliain 1, 2 & 3 leis an múinteoir Olivia Gadd = Badmantan (4 rang), workouts HITT (1 rang), Siúl (6 rang), Ciorcaid lasmuigh agus Giomnáisiam Lasmuigh (2 rang), Peil (6 rang), Damhsa (2 rang), Cispheil (2 rang).

Bliain 4, 5 & 6 leis an múinteoir Cathal Ó Conghaile = Peil Ghaelach - Clár na cluichí Gaelacha (4.5rang), Cispheil – 7 Rang, Sacar - 2 rang, Dodgeball - 1 rang, Eitpheil - 2 rang.

Craobh an Chondae Faoi 14

Comhghairdeas le Aoibhe Ní Chadhain agus Síle Ní Chonghaile a bhuaigh Craobh an Chontae Faoi 14 sa bpeil leis an Spidéal.

Comórtas Golden Gloves

Comhghairdeas le Jack Ó Domhnaill a bhuaigh an Comórtas Liathróid Láimhe "Golden Glove" faoi 17 a bhí ar siúl i mBéal Feirste ar an 14 Samhain 2021.

Séasúr badmantan faoi lán seoil i gColáiste Ghobnait.

TÍREOLAÍOCHT

D'eagraigh an múinteoir Sharon Uí Dhomhnaill turas go Dúlainn áit ar dhéan scoláirí an idirbhliain, 5ú agus 6ú bliain Tionscnamh Tíreolaíocht.

SUÍOMH GRÉASÁN NUA NA SCOILE

Tá suíomh gréasán nua na scoile faoi lán tseoil agus is féidir teacht ar ag http://colaisteghobnait.com. Tá gach polasaí scoile ar fáil anseo chomh maith le féilire an scoilbhliain.



Seo iad bunluachanna an ETBI. Tá said seo fite fuaite le gach gné de shaol na scoile.



MARY ANN NÍ CHONGHAILE AG DUL AR SCÓR

Chuaigh an príomhoide Tánaisteach Mary Ann Ní Chonghaile ar scór ar an 1 Deireadh Fómhair 2021. Bhí beagnach 20 bliain caite aici ag múineadh anseo i gColáiste Ghobnait. Is iomaí scoláire a thug sí cúnamh dóibh thar na mblianta. Áireoidh muid uainn go mór í is guímid gach rath uirthi don todhchaí.

Tá Diane Ní Mhainín ceaptha mar Phríomhoide Tánaisteach. Cuireann muid fáilte mhór roimh Diane Ní Mhainín go Coláiste Ghobnait.



WWF WILD WISDOM CHALLENGE 2021 FINALIST SCHOOLS

Comhghairdeas le Síle Ní Chonghaile agus Aoibhe Ni Chadhain atá imithe tríd go dtí an chéad babhta eile sa gcomórtas idirnáisiúnta 'Wild Wisdom Global Challenge' a bheidh ar siúl ar an 2 Nollaig 2021 faoi stiúir an mhúinteora Sorcha Ní Fhlatharta.



Lá domhanda na Meabhairshláinte
10 Deireadh Fómhair 2021

Spreagann Coláiste Ghobnait Folláine agus meabhairshláinte dhearfach i measc ár scoláirí agus anois níos mó ná riamh, tá sé tábhachtach le linn na paindéime COVID-19.
Rinne Coláiste Ghobnait ceiliúradh ar lá meabhairshláinte ar an Aoine 8 Deireadh Fómhair 2021 a bhí eagraithe ag Olivia Gadd agus Sorcha Ní Fhlatharta. Bhí tráth na gceist ar siúl agus lá gan éide scoile. Bhailigh said €81.20 ar son an carthanacht Jigsaw.
Cruthaíodh atmaisféar cairdiúil, tacúla cosanta agus muintearas ar an lá.

"Ar scáth a chéile a mhairimid".

Chuaigh na scoláirí ar siúlóid folláine timpeall an oileán.

ÁRAS EANNA

D'fhreastail bliain 1, 2 & 3 ar cheardlann drámaíochta in Áras Éanna ar an 6 Deireadh Fómhair 2021.

Thug bliain 4 cuairt ar an taispeántas curacha a bhí ar siúl in Áras Éanna mar chuid de chomóradh 21 bliain Áras Éanna.

RANG GNÓ - GRÁ CHOCOLATES

D'eagraigh scoláirí Gnó bliain 5 agus 6 glaoch zoom le húinéir an ghnó "Grá Chocolates" áit ar thug sí léargas do na scoláirí céard atá i gceist le bheith ag rith do ghnó fhéin.

FÉILE NA GCLOCH 2021

Seo féile áitiúil a tharlaíonn in Inis Oírr.

Faoi stiúir an mhúinteora, Trish Uí Chonghaile, bhí scoláirí na scoile lán pháirteach san bhféile seo. Rinne siad tarraingtí sa rang Ealaíne tar éis griangrafanna a thógáil. Bhain siad úsáid as meáin meascaithe, idir peann luaidhe, dúch, uiscedath agus peannluaidhe daite. Comhghairdeas libh as na tarraingtí den scoth.

Turas go Inis Mór

Chuaigh scoláirí na hIdirbhliana Idirbhliain go Inis Mór leis na múinteoirí Trish Uí Chonghaile agus Bernadette Flanagan. Thug siad cuairt ar Cáis Gabhair Árann, Dún Aongus agus Poll na bPeist. Bhí an lá acu.

Folláine

Ionduchtú tús na bliana – 'Tús maith leath na hoibre'

Tá ionduchtú mar thosaíocht ag Coláiste Ghobnait dár scoláirí, ó thaobh tréadchúram agus ó thaobh foghlama de.
I mbliana bhí 4 uair a chloig ionduchtú ag gach bliain ghrúpa faoi stiúir an mhúinteoir ranga.
An sprioc atá leis ná go mbeidh an t-aistriú scoile ón mbunscoil go dtí an mheán scoil do bhliain 1 agus do gach scoláire éifeachtach agus spreagúil ag soláthar foghlama ar ardchaighdeán le scoláirí atá sona sásta.
Cuireann tús sona an chéad lá go mór le rath an scoláire i gColáiste Ghobnait sna blianta a bheidh ag do mhac/iníon i gColáiste Ghobnait.
Le linn tréimhse ionduchtaithe, clúdaíodh Cúrsaí COVID-19, nósanna imeachta na scoile, polasaithe na scoile, amchlár, dialann an scoláire, comhairle na mic léinn, éide scoile, spóirt agus go leor eile.
Luaitear ag an ionduchtú an tacaíocht ar fad atá ar fáil sa scoil cheana féin agus an bealach go féidir an tacaíocht sin a úsáid. Freisin bíonn béim ar ghníomhachtaí folláine an scoláire.
Féach an léaráid cumarsáide atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile. (Féach faoi Eolas →Foireann)

Seachtain na Mata

Bhí seachtain na Mata ar siúl ón 16-24 Deireadh Fómhair 2021 áit a raibh imeachtaí eagraithe ag an múinteoir mata Barry Geraghty. Freisin thug Rang 3, 4, 5 agus 6 ó Bunscoil Chaomhán cuairt orainn chun páirt a ghlacadh in imeachtaí Seachtain na Mata.

Comórtas Oíche Shamhna

D'eagraigh an múinteoir Olivia Gadd comórtas maisiú muifín do Oíche Shamhna.

Mionghnó

Díolacháin cácaí déanta ag scoláirí na hidirbhliana faoi stiúir an mhúinteora Sorcha Ní Fhlatharta chun airgead a bhailiú le earraí a fháil chun tús a chur lena mionghnó.

Cóisir na Samhna 2021

Rang Béarla





Gradam Náisiúnta Scéal Digiteach NTI

Tá gradam bronnta ar Choláiste Ghobnait mar aitheantas don obair a cuireadh i gcrích sna ranganna Fraincise i mí Bealtaine seo caite le Scéalta Digiteacha a chumadh. Tá an comórtas náisiúnta seo oscailte do scoláirí ar fud na tíre i mbliain 1, 2 agus 3. Ghlac go leor scoláirí sa scoil seo páirt agus rinneadh go leor oibre. Bronnadh an gradam ar Choláiste Ghobnait bunaithe ar na scéalta digiteacha a réitigh Mairéad Ní Chonghaile, Sienna Ní Leathlobhair, Hannah Ní Chonghaile agus Caoimhe Ní Fhátharta.

Tá sé mar aidhm ag an gcomórtas scoláirí a spreagadh leis an teicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid le scéalta sna nuatheangacha iasachta a insint. Bronnadh na gradaim ag searmanas ar líne ar an 3 Samhain 2021.

Comhghairdeas leis na scoláirí agus an múinteoir Éilis Uí Chatháin. Bon travail les élèves et félicitations à tous.



SEACHTAIN NA H EOLAÍOCHTA 2021

Comhghairdeas le Róisín Ní Dhomhnaill agus Mairéad Ní Chonghaile a bhain amach an tríú áit sa gcomórtas Eolaíochta Reellife Science faoi stiúir an mhúinteora Rebecca Ní Chríocháin.



SCOLÁIRÍ BUNSCOIL CHAOMHÁIN AG TABHAIRT CUAIRT LE LINN SEACHTAIN NA HEOLAÍOCHTA

GAEILGE 24

Bhí tráth na gceist ar siúl mar chuid do Gaeilge 24 a bhí eagraithe ag Sharon Uí Dhomhnaill agus Sorcha Ní Fhlatharta. Bhain Coláiste Ghobnait amach an 10ú áit i dtráth na gceist as na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa gcomórtas.

Imeachtaí eile

Team Hope

D'eagraigh Sorcha Ní Fhlatharta bailiúchán boscaí do Team Hope. Míle buíochas le gach scoláire a thug bosca isteach.

Cúrsa spioradálta

Ghlac gach scoláire páirt sa gcúrsa spioradálta a bhí ar siúl 7ú Meán Fómhair 2021. Mile buíochas le Ruth agus Andrew ón Tobar nua a rinne an ceardlann seo leis na scoláirí.

Feachtas 'Stay Safe/stay sober' – (Western Region Drug & Alcohol Task Force)

Ar an Aoine 19 Samhain 2021 d'eagraigh Olivia Gadd aoichainteoir, ina déanadh plé ar an topaic 'Stay Safe, Stay Sober'. Is ar líne a tharla an chaint agus bhí baill don Gharda Síochána ag labhairt freisin.

Bliain 5 - 18/11/2021

Ar an Déardaoin, 18 Samhain, bhí ceardlann speisialta – 'Gairm an aistritheora' - á reáchtáil ar líne ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) agus le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh. D'fhreastail scoláirí bliain 5 ar an gceardlann.

Mionghnó Coláiste Ghobnait

Meascán Milseáin

Comhlacht bunaithe ag scoláirí san idirbhliain, a dhíolann málaí milseáin 350g agus 400g,

Is féidir ordú a chur isteach tríd teachtaireacht ag a gcuid cuntais ar líne

Instagram: meascan_milseain

Facebook: Meascán Milseáin

Tiktok: @measeanmilseain

Loinnir na Mara

Comhlacht bunaithe ag scoláirí san idirbhliain, coinnle lámhdhéanta –

Cinnamon **nó** Cherryblossom & Sweetpea.

Is féidir ordú a chur isteach tríd teachtaireacht ag a gcuid cuntais ar líne

Instagram: loinnir_na_mara

EOLAS Ó CHOISTE NA DTUISMITHEOIRÍ

Bhí an chéad chruinniú don scoilbhliain seo againn ar 23 Meán Fómhar 2021 agus socróadh feachtas bailiúchan airgid a reachtáil I bhfoirm Ciseán a bheith curtha ar raifil faoi Shamhain, Nollaig agus faoi Cháisc chun tacú leis an scoil agus na scolairí.

D'éirigh thar cionn linn le Ciseán na Samhana. Bailíodh €643 ar an raifil agus idir é agus an síntús deonach bailíodh €973 ina iomlán.

Míle buíochas as sin a chlann.

Comhgairdeas le Mary Ann Ni Dhonnacha a bhuaigh Ciseán na Samhana.

Tá Ciseán na Nollag á eagrú faoi láthair agus táimid fíor bhuíoch den tacaíocht leanúnach.

Chas mé le Comhairle na Mic Léinn le gairid agus bhí mé an tógtha le chomh maith agus chomh gairmiúil agus a bhí siad go léir ó bhliain 1 go dtí bliain 6 in ann a gcuid pointí a chuir in iúl agus a phlé.

Ta Coiste na Tuismitheoirí ag cuir Yoga ar fáil le Áine do na scolairí faoi láthair.

Buíochas mór do Chloe & Máire atá ag deanamh sár obair leis an Club Óige agus ta na scolairí an- tógtha leis an eagsúlacht atá eagraithe dóibh.

Tá Coiste na dTuismitheoirí ar fáil I gcónaí do aon nduine chun eisteach le aon smaointí nó tacú do na scolairí agus an scoil.

Ar scáth a chéile a mhaireann muid

Míle buíochas ó chroí

Ag guí Nollaig Mhór Mhaith oraibh go léir agus Athbhliain slán sábáilte.

Le mór mheas
Úna Mhic Dhonnachadha
Cathaoirleach